C/2024/2208

18.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11446 - TÖNNIES HOLDING / CERTAIN VION BUSINESSES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2208)

1. An 8 Márta 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tönnies Holding ApS & Co. KG ('Tönnies', an Ghearmáin),

— sócmhainní áirithe atá i seilbh Vion Beef Süd GmbH, Vion Altenburg GmbH, Vion Convenience GmbH, agus Ahlener Fleischhandel GmbH faoi láthair ('Sócmhainní Sprice', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Tönnies rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Sócmhainní Sprice ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— tá Tönnies gníomhach san earnáil miondíola den chuid is mó, go háirithe i ndáil le marú agus gearradh feola, agus i monaraíocht táirgí feola laistigh de LEE agus lasmuigh de,

— tá na Sócmhainní Sprice gníomhach i marú eallaí agus i ndíolacháin mhairteola, i mionghearradh liamháis agus i monaraíocht táirgí feola in LEE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11446 - TÖNNIES HOLDING / CERTAIN VION BUSINESSES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË